# Cúntóir Oifige

## Conradh Buan

Is mian le TG4 Cúntóir Oifige a earcú ar bhonn buan i gCeannáras TG4 i mBaile na hAbhann. Is post lánaimseartha é seo agus beidh an té a cheapfar freagrach don bhainisteoir tí.

Fostóir comhionannais deiseanna é TG4 agus déantar iarratais incháilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

### An Ról

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil. Beifear ag súil go mbeidh tú dírithe ar an obair, go mbeidh ardscileanna cumarsáide agat, go mbeidh tú ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann agus go mbeidh tú in ann a léiriú go bhfuil taithí agat ar bheith ag obair i ról den chineál seo.

**I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, gan bheith teoranta dóibh, beidh;**

- Dualgais ghinearálta riaracháin agus tacaíochta a chur ar fáil do gach rannóg
- Cuidiú Orduithe Ceannaigh (PO) a ullmhú
- Freagrach as seomraí cruinnithe a chur in áirithe agus carranna TG4
- Na sonraí ceoil a riar agus iad a sheoladh chuig IMRO.
- Cuidiú leis an rannóg AD nuair is gá
- Dualgais an fháilteora a chomhlíonadh
- Fáilte a chur roimh chuairteoirí, custaiméirí agus aíonna agus sólaistí a ordú do chruinnithe a bheidh ar siúl in TG4
- Cuidiú a thabhairt chun taisteal agus lóistín a chur in áirithe nuair is gá
- Aon fhreagrachtaí réasúnta eile a mheasann do bhainisteoir líne nó an fhoireann Ardbhainistíochta bunaithe ar riachtanais an ghnó.

**Nithe atá riachtanach don phost seo:**

- A bheith tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.
- Eolas maith ar ríomhairí (sárthuiscint ar Microsoft Office Suite (word, excel etc), ar na hArdáin Meán Sóisialta) agus a bheith ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa.
- Ábalta feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.

- Fócas dearfach, cumas maith foirne agus taithí ar obair riaracháin agus ar obair fáiltithe.
- A bheith discréideach maidir le sonraí agus eolas íogair TG4
- Ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

Sa gCeannáras i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe atá an post seo. Tá polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm ag TG4.

**4pm Déardaoin an 26 Márta 2026 an spriocdháta d'iarratais. Seol do CV mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie.**

**Eolas Breise don Iarratasóir**

**Grád an Phoist:**

Grád 6

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Is ón 9:00-17:00, ó Luan go Déardaoin agus ón 09:00 – 16:00 Dé hAoine na huaireanta oibre.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |